Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Samhain 2024**
**(OR. en)**

**15564/24**

**SOC 831**
**EMPL 568**
**EDUC 418**
**ECOFIN 1287**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste Fostaíochta |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Athbhreithniú ó EMCO ar chur chun feidhme an Mholta maidir le cuntais foghlama aonair: Príomhtheachtaireachtaí<br>- *Formhuiniú* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, athbhreithniú ó EMCO PAG ar chur chun feidhme Mholadh 2022 ón gComhairle maidir leis na cuntais foghlama aonair atá le formhuiniú ag an gComhairle (EPSCO) ag an seisiún a bheidh aici an 2 agus an 3 Nollaig 2024.

Iarscríbhinn I - Is féidir teacht ar na conclúidí tírshonracha in ADD 1 a ghabhann le 15564/24.

**Athbhreithniú ó EMCO PAG ar chur chun feidhme**
**Mholadh 2022 ón gComhairle maidir leis na cuntais foghlama aonair**

*Na príomhtheachtaireachtaí don Chomhairle*

## A. RÉAMHRÁ

**Tá sé de chúram ar an gCoiste Fostaíochta (EMCO) faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme *an Mholta ón gComhairle maidir leis na cuntais foghlama aonair*.**

**Rinneadh an chéad athbhreithniú ar chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle an 29 agus an 30 Deireadh Fómhair 2024 sa Bhruiséil agus is é Grúpa Anailíse Beartais EMCO (EMCO PAG) a rinne an t-athbhreithniú sin.** Chomh maith le plé a dhéanamh ar a mhéid a chuir na Ballstáit treoraíocht an Mholta ón gComhairle san áireamh, thug an t-athbhreithniú a rinneadh in 2024 an deis do na Ballstáit nach gcuireann cuntais foghlama aonair chun feidhme rannchuidiú leis na malartuithe iltaobhacha. Rinneadh suirbhé in athbhreithniú 2024 ar an dul chun cinn a rinne 14 Bhallstát a roghnaíodh le hathbhreithniú a dhéanamh orthu ar bhonn scéim na gcuntas foghlama aonair atá ar siúl faoi láthair nó atá beartaithe go nithiúil.

**Roimh an athbhreithniú, chomhlánaigh gach ceann de na 27 mBallstát ceistneoir féinmheasúnaithe a bhí dírithe ar mheasúnú a dhéanamh ar an leibhéal cur chun feidhme a bhain siad amach maidir leis an Moladh ón gComhairle** trí dhíriú ar na príomhfhorbairtí agus ar na pleananna sa todhchaí chun cuntais foghlama aonair a chur chun feidhme agus chun cuspóirí an Mholta a bhaint amach, go sonrach (1) tacaíocht a áirithiú do gach duine fásta in aois oibre chun rochtain a fháil ar dheiseanna foghlama/oiliúna agus (2) dreasachtaí agus an spéis atá ag daoine aonair a mhéadú i dtaobh oiliúint a lorg. Ba é an phríomhaidhm faisnéis a bhailiú chun na túsphointí a mheas agus chun meastóireacht a dhéanamh ar leibhéal cur chun feidhme nó forbartha pleananna sna Ballstáit i dtaca le príomhchodanna an Mholta maidir le cuntais foghlama aonair. Bhí sé d’aidhm ag an athbhreithniú measúnú a dhéanamh ar an leibhéal cur chun feidhme a bhain na Ballstáit amach maidir leis an Moladh ón gComhairle trí dhíriú ar chúig phríomhghné:
**(1) saintréithe scéim na gcuntas foghlama aonair atá i bhfeidhm/atá beartaithe,**
**(2) gnéithe beartais a bhaineann go sonrach le cuntas foghlama aonair, (3) creat cumasúcháin, (4) bearta tacaíochta agus (5) cistiú.**

Tá na príomhtheachtaireachtaí reatha bunaithe ar thorthaí an athbhreithnithe sin, agus tá **conclúidí tírshonracha curtha ar fáil san iarscríbhinn**.

## B. DUL CHUN CINN MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME

Faoi láthair, tá roinnt Ballstát thíos le ganntanais arda saothair agus scileanna, agus dá bhrí sin tá sé ríthábhachtach rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim a mhéadú. In 2022, laistigh den Aontas, níor ghlac ach 39.5 % de dhaoine fásta páirt san fhoghlaim sna 12 mhí roimhe sin, leibhéal atá 20.5 pointe céatadáin faoi bhun phríomhsprioc 2030 de 60 % de dhaoine fásta a bheith rannpháirteach san fhoghlaim gach bliain. **Is é is aidhm don Mholadh maidir le cuntais foghlama aonair rochtain a leathnú agus spéis agus dreasachtaí daoine fásta a mhéadú chun dul i mbun oiliúna**, rud atá tábhachtach freisin i gcomhthéacs an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus i bhfianaise na dtreochtaí déimeagrafacha atá ann faoi láthair.

**Léiríodh san athbhreithniú go bhfuil an dul chun cinn maidir leis an Moladh ón gComhairle a chur chun feidhme fós ag céim luath agus go bhfuil leibhéil éagsúla dul chun cinn ann ó Bhallstát go Ballstáit** i bhfianaise gur glacadh an Moladh in 2022, cé go bhfuil roinnt forbairtí coiteanna le feiceáil. **Tá cuntais foghlama aonair ag thart ar leath de na Ballstáit nó tá pleananna nithiúla acu chun scéim cuntas foghlama aonair a chur i bhfeidhm. Tá dhá Bhallstát eile ag féachaint an bhféadfaí í a chur i bhfeidhm amach anseo.** Tá sé d’aidhm ag na Ballstáit eile faoi láthair cuspóirí an Mholta a bhaint amach le bearta eile.

**Cuireadh tús** le cur chun feidhme oibríochtúil fhorálacha an Mholta **nó cuirfear tús leis i bhformhór na mBallstát trí scéim cuntas foghlama aonair a phíolótú ar dtús** agus é mar aidhm í a leathnú amach anseo. Tá forálacha dlíthiúla eile atá i bhfeidhm chun cuspóirí an Mholta a bhaint amach deighilte agus dírithe go príomha ar ghrúpaí sonracha den daonra.

Maidir leis na gnéithe a bhaineann go sonrach le cuntais foghlama aonair, is féidir **uilíocht (i.e. infhaighteacht do *gach duine fásta in aois oibre*) a thabhairt faoi deara i gcuid de scéimeanna na gcuntas foghlama aonair**, agus tá sé beartaithe ag roinnt Ballstát é a dhéanamh amach anseo, ach tá **inaistritheacht** (i.e. an fhéidearthacht na teidlíochtaí sa chuntas a choinneáil neamhspleách ar aon athrú ar stádas poist nó ar stádas mhargadh an tsaothair) **agus carnadh** teidlíochtaí oiliúna thar thréimhse áirithe fós gann ar fud na scéimeanna a ndearnadh suirbhé orthu. I gcás cuntais foghlama aonair agus forálacha oiliúna eile araon, **dírítear aird ar leith ar scileanna digiteacha agus ar scileanna glasa.**

Go ginearálta, ní chomhtháthaítear go hiomlán comhpháirteanna an **chreata cumasúcháin** (i.e. gairmthreoir, bailíochtú scileanna, clár náisiúnta deiseanna foghlama, saoire oiliúna íoctha, tacaíocht d’oiliúint a chomhtháthú i dtairseach dhigiteach náisiúnta aonair). Is í an eisceacht an **tairseach dhigiteach náisiúnta aonair, atá ar fáil cheana nó atá beartaithe i ngach ceann de na Ballstáit a bhfuil cuntais foghlama aonair curtha chun feidhme acu nó a bhfuil sé beartaithe acu na cuntais a chur chun feidhme.**

**Maidir le beagnach gach Ballstát, tá cistí nó ionstraimí de chuid an Aontais á n-úsáid acu nó tá siad ar tí iad a úsáid chun scéim na gcuntas foghlama aonair a dhearadh, a thriail nó a reáchtáil.** Mar sin féin, níl **inbhuanaitheacht chistiú** na scéime á háirithiú go hiomlán faoi láthair. Ar an taobh dearfach de, tá baint fhorleathan ag **páirtithe leasmhara**, go háirithe, le dearadh scéim na gcuntas foghlama aonair.

1. **Cuntais foghlama aonair**

Cé go bhfuil **scéim na gcuntas foghlama aonair i bhfeidhm ag 14 Bhallstát san iomlán nó go bhfuil pleananna nithiúla acu do scéim mar sin amach anseo,** tuairiscíonn dhá cheann díobh sin scéimeanna náisiúnta na gcuntas foghlama aonair atá i bhfeidhm cheana féin, agus chuir dhá cheann eile tús le déanaí nó tá siad i mbun scéim atá ann cheana a athrú ina scéim na gcuntas foghlama aonair. Tá sé beartaithe ag an g**cuid is mó acu an scéim a phíolótú ar dtús nó tá tús curtha acu leis an bpróiseas sin**, in dhá chás baineann sé seo le cineál sonrach scileanna (digiteacha) agus i gcás amháin baineann sé le hearnáil ar leith (tógáil). Tá dhá Bhallstát eile ag obair ar scéim náisiúnta na gcuntas foghlama aonair a dhearadh agus pleananna nó roghanna nithiúla á gcur san áireamh. Ina theannta sin, tá **scéim réigiúnach amháin** ann a bhfuil gnéithe comhchosúla aici le scéim na gcuntas foghlama aonair.

Thairis sin, **tá dhá Bhallstát eile ann nár thuairiscigh aon phlean nithiúil ach tá siad ag fiosrú a indéanta atá sé scéim na gcuntas foghlama aonair a chur i bhfeidhm**.

2. **Forálacha dlíthiúla eile chun críoch oiliúna**

**A mhéid a bhaineann leis na creataí dlíthiúla, thuairiscigh na Ballstáit uile forálacha dlíthiúla eile atá ann cheana chun críoch oiliúna.** I bhformhór na gcásanna, baineann sé sin le cearta áirithe chun freastal ar chláir foghlama agus ar dheiseanna oiliúna do ghrúpaí sonracha den daonra. Sa chomhthéacs sin, thuairiscigh sé Bhallstát go gcuireann siad deiseanna oiliúna ar fáil i bhfoirm dearbhán ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach. I measc na scéimeanna eile atá ann tá cártaí oiliúna, conairí forbartha, nó cineálacha eile soláthair oiliúna. Luaigh roinnt Ballstát go bhfuil scéimeanna oiliúna réigiúnacha nó áitiúla acu.

Is é is aidhm do na deiseanna oiliúna **cineálacha** sonracha **scileanna** a fhorbairt - scileanna digiteacha, glasa agus teanga, bunscileanna agus coigeartú na tairisceana ag brath ar léiriú ar ghanntanais scileanna sonracha arna dtuairisciú ag fostóirí nó bunaithe ar shonraí eile.

Tá an tacaíocht oiliúna **dírithe** go príomha ar dhaoine dífhostaithe, ar dhaoine fostaithe (faoi choinníollacha áirithe), ar dhaoine fásta uile atá in aois oibre nó ar dhaoine féinfhostaithe, chomh maith le fostóirí, agus i roinnt Ballstát freisin, tá sí dírithe go sonrach ar FBManna.

Ós mar sin atá, luaigh roinnt Ballstát ról na gcomhpháirtithe sóisialta agus na gcomhaontuithe cómhargála.

Chomh maith leis an oiliúint féin, is minic a thairgtear seirbhísí eile mar shampla **bailíochtú** eolais ghairmiúil agus scileanna gairmiúla agus **comhairleoireacht agus treoraíocht**. Luaitear **ceart** áirithe **chun oiliúna nó foghlama** sa chód saothair, i gcomhaontuithe comhchoiteanna nó in áiteanna eile i bhformhór na mBallstát, agus déantar roinnt cineálacha **saoire oiliúna íoctha** a thuairisciú go forleathan freisin. Tairgtear sochair chánach nó aisíocaíochtaí cánach ar chostais a bhaineann le hoiliúint faoi choinníollacha áirithe in dhá Bhallstát. Luaigh cuid acu freisin cultúr na foghlama ar feadh an tsaoil agus an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint leanúnach a chur chun cinn.

Baineann ranna 3 go dtí 7 thíos go sonrach le scéimeanna na gcuntas foghlama aonair atá ann cheana nó atá beartaithe agus tagraíonn siad do na 14 Bhallstát a ndearnadh athbhreithniú orthu.

## 3. Gnéithe beartais a bhaineann go sonrach le cuntais foghlama aonair

**I bhformhór na mBallstát, tuairiscítear uilíocht an chuntais foghlama aonair, i.e. infhaighteacht do gach duine fásta atá in aois oibre, agus soláthar teidlíochtaí oiliúna lena gceadaítear oiliúint shuntasach.** Bhí na **comhpháirtithe sóisialta agus na páirtithe leasmhara rannpháirteach cheana féin i roinnt de na Ballstáit a bhí ag céim deartha** na scéime. Mar sin féin, ó thaobh **inaistritheachta** agus **coinníollacha maidir le carnadh** de, tá roinnt dul chun cinn fós le déanamh agus tuairiscíonn roinnt Ballstát nach bhfuil sé indéanta nó nach gcuirtear san áireamh é.

Go dtí seo, **tá nó beidh cuntais foghlama aonair uilíoch i seacht mBallstát.** Díríonn scéimeanna na gcuntas foghlama aonair eile ar fhoghrúpaí sonracha daoine fásta, ar feadh tréimhse áirithe ar a laghad (e.g. le linn na **céime píolótaí**). Is iad na spriocdhaonraí is coitianta daoine fostaithe nó daoine dífhostaithe, lena n-áirítear le coinníollacha breise cosúil le hearnáil, leibhéal gnóthachtála oideachais nó fad na dífhostaíochta, agus daoine faoi bhun ioncaim áirithe.

Maidir le **rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile**, chuir tromlach díobh in iúl gur oibrigh siad ar dhearadh na gcuntas foghlama aonair agus ar an dréachtchreat dlíthiúil i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta. I mBallstáit eile, tá comhar gníomhach beartaithe le hionadaithe na gcomhpháirtithe sóisialta, na gceardchumann agus na n-eagraíochtaí fostóirí éagsúla.

Maidir le **teidlíochtaí oiliúna a sholáthar** do gach cuntas foghlama aonair, cuireann na Ballstáit réitigh éagsúla ar fáil. Tá éagsúlacht shuntasach i gceist le méid na teidlíochta ós rud é gur le haghaidh bliain amháin atá an leithdháileadh i roinnt Ballstát, agus gur le haghaidh 3 bliana nó 5 bliana atá sé i mBallstáit eile. Thairis sin, sonraíonn roinnt Ballstát gur féidir leis an duine a bhfuil suim aige san oiliúint táille iomlán nó cuid de tháille an chúrsa a íoc.

Maidir le **teidlíochtaí breise a sholáthar do na daoine aonair is mó a bhfuil uas-sciliú agus athsciliú de dhíth orthu**, faoi láthair ní thairgeann formhór na mBallstát teidlíochtaí breise oiliúna aonair laistigh de scéim na gcuntas foghlama aonair. Mar sin féin, is féidir le grúpaí leochaileacha rochtain a fháil ar dheiseanna oiliúna tríd an tSeirbhís Phoiblí Fostaíochta (SPF) trí pháirt a ghlacadh i mbearta beartais ghníomhaigh maidir leis an margadh saothair. I roinnt cásanna, cuirtear teidlíochtaí breise ar fáil agus, i gcúpla cás eile, foráiltear go bhféadfadh cearta breise oiliúna aonair a bheith ina gcuntas amach anseo ag na daoine is mó a bhfuil uas-sciliú agus athoiliúint ghairmiúil de dhíth orthu. Faoi láthair, níl an ghné sin á breithniú ag trí Bhallstát.

I roinnt Ballstát, tá **inaistritheacht** teidlíochtaí i gcás aistrithe gairmiúla, i.e. nuair a bhíonn post nó stádas gairmiúil á n-athrú, bunaithe cheana féin agus tá sé beartaithe i mBallstáit eile. I roinnt Ballstát, níl an staid maidir leis an ngné sin soiléir fós. In dhá chás, agus iontu sin amháin, níl teidlíochtaí inaistrithe mar gheall ar an gcaoi a gcuirtear chun feidhme iad.

Agus breithniú á dhéanamh ar an bhféidearthacht teidlíochtaí oiliúna aonair **a charnadh agus a stóráil**, ní cheadaíonn ach Ballstát amháin é sin go héifeachtach agus i mBallstát eile, níl carnadh agus stóráil indéanta ach i bpáirt. I dtrí Bhallstát, ní féidir stóráil a dhéanamh, ach tá an t-am a cheadaítear chun teidlíocht a úsáid réasúnta fada. I sé Bhallstát, ní féidir carnadh a dhéanamh faoi láthair, ach is ceist oscailte go fóill é a phléifear amach anseo. In dhá chás, déanfar an carnadh agus an stóráil a thástáil le linn na **céime píolótaí**.

Cuireann formhór na mBallstát béim ar a thábhachtaí atá **ábharthacht na hoiliúna** i ndáil leis an margadh saothair agus aird ar leith á tabhairt ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach, agus cuireann Ballstáit eile roghanna oiliúna níos leithne ar fáil.

## 4. Creat cumasúcháin

**Cé go bhfuil eolas forleathan ar infhaighteacht cláir náisiúnta poiblí deiseanna foghlama is féidir a úsáid le haghaidh na dteidlíochtaí ar chuntais foghlama aonair, is cosúil nach bhfuil deiseanna bailíochtaithe comhtháite go maith le scéim na gcuntas foghlama aonair a ndearnadh suirbhé uirthi.** I measc na gcomhpháirteanna eile tá gairmthreoir, tairseach dhigiteach náisiúnta aonair agus saoire oiliúna íoctha a bhunaítear ar mheánleibhéal, lena léirítear féidearthachtaí maidir le feabhsúchán.

Cuireann formhór na mBallstát deiseanna **gairmthreorach** ar fáil do gach duine fásta in aois oibre, go príomha trí sheirbhísí fostaíochta áitiúla nó faoi chuimsiú tionscadal eile. Áirítear gairmthreoir i scéim na gcuntas foghlama aonair i roinnt Ballstát, nó tá sé beartaithe acu gairmthreoir a chur san áireamh inti, agus tá an rogha sin á meas ag cuid eile acu. Tá roinnt Ballstát ann nach bhfuil an deis sin á tairiscint acu go fóill.

Maidir le **bailíochtú** scileanna, níl deiseanna bailíochtaithe ar fáil go forleathan ach in dhá Bhallstát. Sna Ballstáit eile, tá bailíochtú scileanna ar fáil faoi choinníollacha áirithe nó tá sé réasúnta teoranta ó thaobh raon feidhme de. Mar sin féin, tá sé beartaithe deiseanna bailíochtaithe a chur chun feidhme amach anseo i roinnt Ballstát, go háirithe laistigh de scéim na gcuntas foghlama aonair.

Maidir leis an g**clár náisiúnta poiblí deiseanna foghlama** atá incháilithe chun teidlíochtaí na gcuntas foghlama aonair a úsáid, tá sé sin ar fáil cheana féin i bhformhór na mBallstát. I gceithre Bhallstát, níl aon chlár náisiúnta poiblí aonair ann faoi láthair, agus tá sé beartaithe ag Ballstáit eile ceann a bhunú.

I bhformhór na mBallstát, beidh comhtháthú na tacaíochta don oiliúint i d**tairseach dhigiteach náisiúnta aonair** ar fáil nó ar fáil go páirteach. Tá pleananna i bhfeidhm le haghaidh comhtháthú amach anseo, lena n-áirítear in éineacht le scéim na gcuntas foghlama aonair atá le teacht nó a bhaineann léi.

Tá **saoire oiliúna íoctha** nó forálacha athsholáthair ioncaim le linn oiliúna do gach duine fásta fostaithe ar fáil i gceithre Bhallstát. In dhá cheann de na Ballstáit sin, tá baint airgeadais ag fostóirí le hoiliúint nó uas-sciliú a chur ar fáil, lena bhféadfaí a áireamh luach saothair fostaithe a choinneáil le linn na hoiliúna. I gcúig Bhallstát, níl saoire oiliúna íoctha ná forálacha athsholáthair ioncaim ar fáil ach i bpáirt. Tairgeann roinnt Ballstát saoire oiliúna gan íocaíocht mar rogha bhreise nó mar an t-aon rogha amháin. In dhá Bhallstát, níl an ceart chun gairmoiliúna íoctha ná chun gairmoiliúna gan íocaíocht fiú cumhdaithe sa reachtaíocht faoi láthair. Sna Ballstáit sin, tá plé fós ar siúl maidir leis an bhféidearthacht saoire oiliúna a bhunú, mar chuid de scéim na gcuntas foghlama aonair freisin.

## 5. Bearta tionlacain

Ba cheart bearta tacaíochta a bheith ag gabháil le scéim na gcuntas foghlama aonair chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm í go barr a cumais. Tá thart ar leath de na Ballstáit ag cur **feachtais múscailte feasachta nó gníomhaíochtaí for-rochtana** chun feidhme go rialta nó tá sé beartaithe acu iad a chur chun feidhme. Tá roinnt Ballstát ann nach bhfuil pleananna sonracha á gcur chun feidhme acu go fóill nó nach bhfuil pleananna sonracha acu faoi láthair maidir lena ngníomhaíochtaí cumarsáide, go príomha mar gheall ar iad a bheith i gcéim deartha a scéimeanna. Ní thuairiscíonn ach dhá Bhallstát go bhfuil gníomhaíochtaí múscailte feasachta agus for-rochtana dea-fhorbartha (idir measartha ard agus ard) acu, gníomhaíochtaí atá nasctha le scéimeanna atá ann cheana nó a thógann ar na scéimeanna sin.

I gcás scéimeanna atá i bhfeidhm cheana féin, tá imeachtaí ar scála níos mó ar nós comhdhálacha agus bealaí scaipthe eile á n-úsáid, lena n-áirítear fógraí teilifíse, clóite, raidió, fógraí ar líonraí sóisialta agus/nó ar iompair phoiblí. Lasmuigh den phobal i gcoitinne, tá gníomhaíochtaí dírithe go príomha ar oiliúint a chur ar sholáthraithe agus ar fhostóirí agus is iad an rialtas, na soláthraithe oiliúna nó na fostóirí féin a thugann aire do chur chun cinn na ngníomhaíochtaí. I gcás na mBallstát eile, tá feachtais agus gníomhaíochtaí múscailte feasachta beartaithe a luaithe a sheolfar an scéim, lena bhféadfaí a áireamh, mar shampla, comhdhálacha, ceardlanna agus cineálacha eile imeachtaí, ábhair múscailte feasachta agus feachtais fógraíochta sna mórmheáin agus sna meáin shóisialta.

Is féidir patrún comhchosúil a fheiceáil le **gníomhaíochtaí faireacháin agus meastóireachta**, ina mbíonn thart ar leath de na Ballstáit ag cur gníomhaíochtaí faireacháin chun feidhme go rialta nó ag pleanáil a gcur chun feidhme. I gcás thart ar chúig Bhallstát, tá sé róluath faireachán a dhéanamh nó próisis faireacháin a dhearadh fiú. Níl córas faireacháin agus meastóireachta seanbhunaithe, lena n-áirítear tuairisciú agus meastóireachtaí rialta, i bhfeidhm ach ag mionlach Ballstát.

## 6. Cistiú

**Go ginearálta, níl inbhuanaitheacht chistiú scéim na gcuntas foghlama aonair á háirithiú go hiomlán. I bhformhór na gcásanna, braitheann an cistiú reatha go príomha ar chistí an Aontais agus ar chómhaoiniú náisiúnta.** Déantar comhchistiú atá bunaithe ar mheascán d'fhoinsí poiblí agus príobháideacha a ionchorprú sa scéim nó déantar scrúdú air i roinnt Ballstát, agus iad ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann leis don todhchaí.

Níl samhail **chistiúcháin inbhuanaithe** i bhfeidhm ná beartaithe ag formhór na mBallstát agus tá sé beartaithe acu í a fhorbairt le linn chéim an deartha nó tar éis measúnú a dhéanamh ar thorthaí an tionscadail phíolótaigh. Chun an inbhuanaitheacht a áirithiú, tá roinnt Ballstát ag breithniú roghanna áirithe cheana féin, mar shampla **sciar áirithe d'ioncam slándála sóisialta** a shannadh chun an scéim a chistiú, **cistí earnála**, **iasacht oiliúna**, cistiú poiblí agus/nó **cómhaoiniú poiblí agus príobháideach**. Maidir leis na breisithe, tá **cómhaoiniú** ar thaobh an fhostóra agus/nó an duine aonair á mheas.

Baineann **inbhuanaitheacht an chreata cumasúcháin** den chuid is mó le cothabháil na **tairsí digití náisiúnta aonair** atá á déanamh go hinmheánach.

Maidir le beagnach gach Ballstát, tá **cistí nó ionstraimí de chuid an Aontais** á n-úsáid acu nó tá siad ar tí iad a úsáid chun scéim na gcuntas foghlama aonair a dhearadh, a thriail nó a reáchtáil. Úsáidtear cistí an Aontais go príomha chun píolótú na scéime, soláthar oiliúna agus forbairt na tairsí a mhaoiniú, nó chun cuidiú le dearadh na scéime. Dearbhaíonn roinnt Ballstát go bhfuil sé beartaithe acu leanúint de chistí an Aontais a úsáid, má tá siad ar fáil amach anseo.

## 7. For-rochtain éifeachtach

**I bhformhór na mBallstát, níorbh fhéidir ráta cumhdaigh ná ráta úsáide na gcuntas foghlama aonair a chinneadh mar gheall ar an tús a cuireadh le déanaí le scéim na gcuntas foghlama aonair a chur chun feidhme, nó ar an gcéim phleanála a bhain leis sin.** Mar sin féin, bunaithe ar rún roinnt Ballstát, tá éagsúlacht shuntasach ann maidir leis an gcéatadán den daonra fásta in aois oibre a bhfuil rochtain acu ar dheiseanna foghlama/oiliúna, rud a léiríonn freisin na teorainneacha a bhaineann le hinfhaighteacht na gcistí a leithdháiltear ar thionscadal píolótach na gcuntas foghlama aonair.

## C. CONCLÚIDÍ

Leis an athbhreithniú faireachais iltaobhaigh ar chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir leis na cuntais foghlama aonair, le rannpháirtíocht na mBallstát nach bhfuil scéimeanna na gcuntas foghlama aonair á gcur chun feidhme acu faoi láthair freisin, léiríodh **nach uirlis nua mhaoiniúcháin amháin atá i gceist le cuntas foghlama aonair ach gur sásra é chun an córas foghlama aosaigh a athbhreithniú agus a athchóiriú go criticiúil**. Go ginearálta, tá tiomantas láidir ann scéim na gcuntas foghlama aonair a chur chun feidhme i measc na 14 Bhallstát a ndearnadh athbhreithniú orthu. Tá **tuiscint leathan** léirithe ag na Ballstáit cur chun feidhme **ar chuntais foghlama aonair, a ngnéithe agus feasacht ar réimsí ar cheart oibriú orthu san fhadtéarma**. Ina theannta sin, chothaigh an t-athbhreithniú meon dearfach foghlama ina measc. Tá roinnt cosúlachtaí dearfacha ann ar nós **rannpháirtíocht** dhearbhaithe **na gcomhpháirtithe sóisialta i bhforbairt scéimeanna na gcuntas foghlama aonair.** Ar an iomlán, léiríodh san athbhreithniú go n-éilíonn cur chun feidhme rathúil agus **dul chun cinn breise ní hamháin rannpháirtíocht ghníomhach na mBallstát ach athrú meoin freisin i ndearcadh na bhfaighteoirí agus na bpáirtithe leasmhara ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal áitiúil** chun go mbeidh an Moladh maidir leis na cuntais foghlama aonair in ann gníomhú chun dlús a chur le hathchóirithe i réimse na foghlama aosaigh i roinnt mhaith de na Ballstáit.

Iarscríbhinn 1. 2024 EMCO PAG Conclúidí Tírshonracha maidir le cuntais foghlama aonair